Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12790/25

LIMITE

CLIMA 335
ENV 830
ENER 440
COMPET 863
IND 346
MI 645
CODEC 1253

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0524 (COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1119 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn<br>- Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo:

– Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an togra thuasluaite, atá le cur i láthair ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Comhshaol) an 18 Meán Fómhair 2025.

Rinneadh an tuarascáil a tharraingt suas faoi fhreagracht na hUachtaránachta agus tá sí gan dochar do phointí áirithe leasa agus d'aighneachtaí breise ó na toscaireachtaí ar leith. Leagtar amach sa tuarascáil an obair a rinne comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle go dtí seo agus tugtar cuntas inti maidir le staid na himeartha a mhéid a bhaineann leis an togra thuasluaite a scrúdú.

– Bunaithe ar an tuarascáil sin ar dhul chun cinn, ceisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht chun díospóireacht bheartais idir na hAirí a threorú, a thionólfar ag an gComhairle Comhshaoil.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil ar dhul chun cinn agus na ceisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht a thabhairt dá aire agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Comhshaol) in oirchill an chruinnithe a bheidh aici an 18 Meán Fómhair.

PUBLIC

PUBLIC

**Faisnéis ón Uachtaránacht maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sa scrúdú ar an togra lena leasaítear an Dlí Aeráide Eorpach**

## I. CÚLRA

Tá a spriocanna aeráide do 2030 agus 2050 leagtha síos ag an Aontas i Rialachán (AE) 2021/1119 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach ('an Dlí Aeráide Eorpach')[1]. Ceanglaítear le hAirteagal 4(3) den Dlí Aeráide Eorpach sprioc aeráide idirmheánach 2040 a shocrú d'fhonn an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach.

An 6 Feabhra 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'Ár dtodhchaí a dhaingniú – sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil'[2]. Agus an chomhairle eolaíoch ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide á cur san áireamh, agus bunaithe ar mheasúnú tionchair mionsonraithe agus tuarascáil ar an mbuiséad carbóin, is é an sprioc a moladh le haghaidh 2040 sa Teachtaireacht laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990.

An 2 Iúil 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún togra[3] chun an Dlí Aeráide Eorpach a leasú inar moladh an sprioc 90 % dá dtagraítear thuas a áireamh ann, chomh maith le leasuithe ar liosta na n-eilimintí in Airteagal 4 den Rialachán atá ann cheana, lena n-áirítear 3 sholúbthacht chun cuidiú le sprioc an Aontais a bhaint amach. Áiritheoidh an Coimisiún go léireofar na heilimintí sin go hiomchuí sna tograí reachtacha a bheidh ann amach anseo maidir le creat beartais aeráide iar-2030. Ina theannta sin, de réir an togra, beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún dlús a chur leis an gcreat cumasúcháin agus é a neartú chun a áirithiú go mbeidh coinníollacha i bhfeidhm chun tacú le tionsclaíocht agus saoránaigh na hEorpa le linn an aistrithe.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1)

[2] 6291/24

[3] 11184/25 + ADD 1

Chuir an Coimisiún a thogra faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe (Coreper) an 2 Iúil 2025.

I bParlaimint na hEorpa, ceapadh Ondřej KNOTEK (PfE, CZ) ina rapóirtéir don togra thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI). Tá vóta Choiste ENVI beartaithe don 23 Meán Fómhair agus tá an vótáil le linn an tsuí iomlánaigh beartaithe don 6-9 Deireadh Fómhair.

Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún agus fuarthas tuairimí uathu.

## II. STAID NA HIMEARTHA

Scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 3, 7, an 14 agus an 22 Iúil agus an 2 Meán Fómhair 2025. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa phlé ar bhonn dhá théacs comhréitigh ón Uachtaránacht i ndiaidh a chéile, a pléadh ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal um an gComhshaol an 22 Iúil agus an 2 Meán Fómhair, faoi seach[4].

An 16 Iúil, chuir Coreper treoir ar fáil maidir le hobair bhreise bunaithe ar thrí threoircheist[5].
An 12 Meán Fómhair 2025, scrúdaigh Coreper téacs comhréitigh ón Uachtaránacht d'fhonn cur chuige ginearálta a phlé agus a chomhaontú ag an gComhairle (Comhshaol) an 18 Meán Fómhair.

Léiríodh leis an bplé a rinneadh ag Coreper an 12 Meán Fómhair gur aithin na toscaireachtaí an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus gur geal leo, tríd is tríd, na moltaí comhréitigh is déanaí. Thacaigh roinnt toscaireachtaí le haidhm na hUachtaránachta cur chuige ginearálta a bhaint amach maidir leis an togra ón gCoimisiún ag an gComhairle Comhshaoil an 18 Meán Fómhair. Chuir roinnt toscaireachtaí eile in iúl, áfach, go raibh gá le tuilleadh plé sula mbeidís in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an togra, lena n-áirítear treoir a d'fhéadfadh an Chomhairle Eorpach a thabhairt. Ar an mbonn sin, chinn an Uachtaránacht nach mbeadh sé réalaíoch díriú ar chur chuige ginearálta ag an gComhairle Comhshaoil an 18 Meán Fómhair. Ina ionad sin, is é is aidhm don Uachtaránacht i ndáil leis an gComhairle Comhshaoil sin tuarascáil ar dhul chun cinn a thíolacadh agus a iarraidh ar na hairí freastal ar dhíospóireacht bheartais d'fhonn treoir bhreise a chur ar fáil maidir leis an obair leanúnach atá le déanamh amach anseo, lena n-áirítear leanúint den phlé ar théacs an Rialacháin.

4 11685/25 agus 11685/1/25 REV 1.
5 11325/25

## III. AN DUL CHUN CINN A RINNEADH LEIS AN BPLÉ

Tá dul chun cinn déanta maidir le go leor codanna den togra, lena n-áirítear trí thuiscint agus soiléiriú níos fearr a fháil ar na solúbthachtaí atá beartaithe agus tríd an téacs a leasú chun go leor de na gnéithe eile a liostaítear faoi Airteagal 4(5) a neartú. Measann an Uachtaránacht, maidir leis na saincheisteanna sin, go n-aimsítear cothromaíocht chóir idir seasaimh na mBallstát sa téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht.

Thug an Uachtaránacht faoi deara, i bprionsabal, go dtacaíonn na Ballstáit go forleathan leis na trí sholúbthacht a mhol an Coimisiún (Airteagal 4(5), pointí (a)-(c)), cé go bhfuil tuairimí éagsúla fós ag na toscaireachtaí maidir le saincheisteanna áirithe. Is iad seo a leanas na solúbthachtaí: úsáid theoranta creidmheasanna idirnáisiúnta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras, solúbthachtaí feabhsaithe idir earnálacha agus laistigh díobh sa chreat iar-2030, chomh maith le haistrithe buana intíre a áireamh in CTA AE. Tá athruithe tugtha isteach ag an Uachtaránacht ar an téacs sna réimsí sin chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir leis an úsáid a beartaíodh do na solúbthachtaí sin, lena n-áirítear samplaí díobh sna haithrisí agus chun a shoiléiriú nár cheart creidmheasanna idirnáisiúnta a úsáid le haghaidh comhlíonadh faoi CTA AE.

Le linn na caibidlíochta, thug an Uachtaránacht téacs isteach chun na codanna den togra ón gCoimisiún a neartú maidir le haitheantas a thabhairt d'imthosca agus sainiúlachtaí náisiúnta na mBallstát mar shampla (lena n-áirítear na réigiúin agus na hoileáin is forimeallaí), an gá atá le haistriú cóir, an t-athbhreithniú atá ar na bacáin ar chonair CTA AE i dtreo sprioc 2040, chomh maith le sainiúlachtaí na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta (ÚTAÚTF) agus na n-earnálacha talmhaíochta. Leis na hathruithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún, neartaítear freisin an téacs maidir leis an ngá atá le tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a mheas ar fud na mBallstát, an gá atá le hiomaíochas thionscail na hEorpa a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin, chomh maith le tacaíocht don nuálaíocht agus rochtain ar theicneolaíochtaí nuálacha ar fud na mBallstát a áirithiú.

Maidir leis na measúnuithe tionchair a bheidh ann amach anseo don chreat tar éis 2030, mhol na toscaireachtaí liosta míreanna a chur isteach chun go ndéanfaidh an Coimisiún anailís, i measc nithe eile, ar an staid gheopholaitiúil, ar na tionchair ar thionscail dianfhuinnimh agus ar chostais fuinnimh agus ar riachtanais infheistíochta ar fud na mBallstát.



PUBLIC

Mhol an Uachtaránacht freisin forálacha nua a chur isteach chun an clásal athbhreithnithe atá ann cheana (Airteagal 11) den Dlí Aeráide Eorpach a neartú trí iomaíochas thionscail na hEorpa, dul chun cinn teicneolaíoch agus cur in úsáid teicneolaíochtaí nuálacha ar fud na mBallstát agus na n-earnálacha a chur leis, mar ghnéithe nua atá le cur san áireamh i dtuarascálacha rialta an Choimisiúin. Cuireadh in iúl go soiléir in Airteagal 11 go bhféadfaidh tograí le haghaidh bearta breise a bheith ag gabháil leis an tuarascáil dá dtagraítear san Airteagal seo chun na tionscnaimh a bhaineann leis an gcreat cumasúcháin a neartú, sa bhreis ar an bhféidearthacht atá ann cheana an Dlí Aeráide féin a leasú.

I gcás go leor Ballstát, tá an creat cumasúcháin ríthábhachtach chun sprioc 2040 atá beartaithe a bhaint amach. Sa bhreis ar an bpríomhchumasóir i bhfoirm chur chun feidhme chreat reachtach 2030, tacóidh an creat cumasúcháin *inter alia* le hiomaíochas thionscal na hEorpa, leis an aistriú cóir agus le cothrom iomaíochta le comhpháirtithe idirnáisiúnta, chomh maith le cistiú a chur ar fáil don aistriú glan. Tá go leor de na tionscnaimh sin lasmuigh de raon feidhme an Dlí Aeráide Eorpaigh agus tá siad á bplé nó beidh siad á bplé i bhfoirmíochtaí eile de chuid na Comhairle. Mar sin féin, cuireadh faisnéis chuimsitheach ar fáil do na toscaireachtaí maidir leis na tionscnaimh atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann leo, chuir an Uachtaránacht tagairtí fíorasacha isteach do roinnt tionscnaimh ábhartha sna haithrisí, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, an Banc um Dhícharbónú Tionsclaíoch agus an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM).

Measann an Uachtaránacht go raibh an téacs comhréitigh maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach a cuireadh faoi bhráid Coreper an 12 Meán Fómhair cothrom go maith ach aithníonn sí go bhfuil saincheisteanna fós gan réiteach. Tá tuairimí éagsúla ag na toscaireachtaí maidir leis an gcaoi a rannchuideodh creidmheasanna idirnáisiúnta leis an sprioc a bhaint amach. Maidir le saincheisteanna íogaire eile, mar shampla tuairimí éagsúla maidir le cost-éifeachtúlacht agus dlúthpháirtíocht, maidir leis an ról atá ag foinsí éagsúla fuinnimh san aistriú, agus an gá atá le héiginnteacht a bhaineann le linnte nádúrtha a aithint a thuilleadh, measann an Uachtaránacht go mbaintear cothromaíocht mhaith amach leis na coigeartuithe ar an togra ón gCoimisiún idir seasaimh éagsúla na mBallstát agus admhaíonn sí go bhféadfadh gá a bheith le tuilleadh oibre.

Léirítear sa téacs atá i gceangal leis seo na tograí comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht a pléadh in Coreper an 12 Meán Fómhair 2025, agus cuireadh isteach líon beag moltaí breise ón Uachtaránacht tar éis an phlé agus na moltaí i scríbhinn a fuarthas ó na toscaireachtaí in Coreper. Baineann siad sin le leibhéal measta na nglanaistrithe ar leibhéal an Aontais i ndáil leis na spriocanna sa chlásal athbhreithnithe (Airteagal. 11) agus gur cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar na hidirnaisc le beartais chosanta agus slándála sna measúnuithe tionchair atá ar na bacáin (aithris 8). Marcáiltear na moltaí nua i g**cló trom** agus **líne fúthu**. Tá líne faoi na hathruithe a rinneadh roimhe seo ar an togra ón gCoimisiún agus léirítear téacs a scriosadh le [...].

Ní airbheartaítear leis an téacs atá i gceangal leis seo gur toradh comhaontaithe é, ach cuirtear ar fáil é mar fhaisnéis faoi staid na himeartha agus mar bhonn do thuilleadh plé i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle.

## IV. CEISTEANNA DON DÍOSPÓIREACHT

Glactar leis go mbeidh ar an gComhairle Comhshaoil filleadh ar an togra chun an Dlí Aeráide Eorpach a leasú d'fhonn teacht ar chinneadh tar éis na Comhairle Eorpaí. Agus an méid sin á chur san áireamh, iarrtar ar na hairí measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus treoir a thabhairt maidir leis an mbealach chun cinn, lena n-áirítear maidir leis na hábhair seo a leanas:

- *Ról na gcreidmheasanna idirnáisiúnta d'fhonn sprioc 2040 a bhaint amach*
- *An ról a bheidh ag linnte nádúrtha amach anseo*
- *Gnéithe eile sa chreat iar-2030, ar ina leith ba mhaith leat treoir bhreise a chur ar fáil*

PUBLIC

PUBLIC

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**
**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1119 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

---

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Fuarthas amach sa toradh a bhí ar an gcéad athbhreithniú domhanda[3] faoi Chomhaontú Pháras[4], a tugadh i gcrích ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide ag deireadh 2023, go bhfuil beartais aeráide atá ag éirí níos éifeachtaí á gcur i bhfeidhm ag na páirtithe, ach go bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise phráinneach chun an domhan a chur ar an mbóthar ceart chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach.

PUBLIC

(2) Trí Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] a ghlacadh, chumhdaigh an tAontas sa reachtaíocht cuspóir ceangailteach maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair faoi 2050, agus ar an gcaoi sin, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go nialas faoin dáta sin, agus an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin. Bunaíodh leis an Rialachán sin freisin sprioc aeráide idirmheánach cheangailteach de chuid an Aontais le haghaidh 2030 agus [...] [...] ceanglaítear leis go leagfar sprioc aeráide idirmheánach ar fud an Aontais amach le haghaidh 2040.

(3) Agus an chomhairle eolaíoch ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide ('an Bord Comhairleach') á cur san áireamh agus bunaithe ar Mheasúnú Tionchair mionsonraithe, thíolaic an Coimisiún sprioc mholta maidir le glanlaghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990 do 2040 sa Teachtaireacht uaidh an 6 Feabhra 2024 maidir lenár dtodhchaí a dhaingniú: Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil[6].

---

3 Cinneadh 1/CMA.5.
4 IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.
5 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') ( IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).
6 COM(2024) 63 final.

(4) Chun sprioc aeráide 2040 an Aontais a mholadh, mheas an Coimisiún an fhianaise eolaíoch is fearr agus is déanaí a bhí ar fáil, lena n-áirítear na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus ón mBord Comhairleach; na tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil, lena n-áirítear costais neamhghníomhaíochta; an gá atá le haistriú atá cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de a áirithiú do chách; éifeachtacht costais agus éifeachtúlacht eacnamaíoch; iomaíochas gheilleagar an Aontais, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide agus na hearnálacha is mó atá neamhchosanta ar sceitheadh carbóin; na teicneolaíochtaí is fearr atá costéifeachtach, sábháilte agus inscálaithe dá bhfuil ar fáil; éifeachtúlacht fuinnimh lena n-áirítear 'céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh' [...], acmhainneacht fuinnimh, agus slándáil an tsoláthair do na Ballstáit uile; cothroime agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus laistigh díobh; an gá atá le héifeachtacht agus dul chun cinn comhshaoil a áirithiú le himeacht ama; an gá atá le linnte nádúrtha a chothabháil, a bhainistiú agus a fheabhsú san fhadtéarma agus bithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht; riachtanais agus deiseanna infheistíochta; forbairtí idirnáisiúnta agus iarrachtaí a rinneadh chun cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus cuspóir deiridh Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) a bhaint amach; faisnéis atá ann cheana maidir le buiséad táscach réamh-mheasta an Aontais maidir le gáis cheaptha teasa le haghaidh na tréimhse 2030–2050.

(5) Chun sprioc aeráide 2040 a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach, inter alia, creat beartais 2030 a comhaontaíodh a chur chun feidhme go hiomlán, tacaíocht a áirithiú agus a chur ar fáil chun iomaíochas agus athléimneacht thionsclaíocht na hEorpa a neartú agus a chosaint, córais bhia inbhuanaithe, athléimneacht na bpobal tuaithe agus slándáil bia a áirithiú trí earnáil talmhaíochta Eorpach atá inbhuanaithe agus láidir, conairí aistrithe a áirithiú bunaithe ar na teicneolaíochtaí costéifeachtacha, sábháilte agus inscálaithe is fearr atá ar fáil, béim níos mó a leagan ar aistriú cóir do na réigiúin atá buailte, [...] d'earnálacha agus do theaghlaigh leochaileacha nach bhfágann aon duine ar lár, mar shampla, trí thacaíocht ón gCiste Aeráide Sóisialta san aistriú chuig an aeráidneodracht. Thairis sin, tá sé bunriachtanach iomaíocht chóir le comhpháirtithe idirnáisiúnta a áirithiú, an córas fuinnimh a dhícharbónú le cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de lena n-áirítear gach réiteach fuinnimh saor ó charbón agus ísealcharbóin (lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh, fuinneamh núicléach, éifeachtúlacht fuinnimh, stóráil, GSC, GÚC, aistrithe carbóin, fuinneamh geoiteirmeach agus hidreafhuinneamh, bithfhuinneamh inbhuanaithe agus gach teicneolaíocht glan-nialasach fuinnimh eile atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo), spleáchais ar allmhairí a laghdú agus idirphlé straitéiseach a eagrú maidir le creat iar-2030 leis na hearnálacha ábhartha uile, lena n-áirítear tionsclaíocht agus iompar.

(5a) D'fhonn aistriú i dtreo na haeráidneodrachta atá costéifeachtach, cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de a áirithiú, beidh infheistíocht ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí araon, lena n-áirítear trí chistiú ón Aontas, ina [...] príomhchumasóir don aistriú glan freisin, mar shampla trí dhlús a chur le húsáid agus tráchtálú teicneolaíochtaí nuálacha, trí thacú le rochtain ar dhícharbónú tionsclaíoch, monaraíocht teicneolaíochta glaine agus nuachóiriú na gcóras fuinnimh. [...]Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[...], tá na dálaí á gcur i bhfeidhm ag an Aontas le haghaidh aistriú rathúil, ag díriú ar dhícharbónú[...] agus ar athnuachan thionsclaíoch araon, lena n-áirítear sásraí tacaíochta do thionsclaíocht na hEorpa, lena n-áirítear an Banc um Dhícharbónú Tionsclaíoch agus an creat nua státchabhrach simplithe [...]**.**

(5b) Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan [...], dírítear freisin ar rochtain níos fearr ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach, ar mhargadh fuinnimh comhtháite idirnasctha de chuid an Aontais lena n-áirithítear slándáil fuinnimh, ar chur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh, ar chothrom iomaíochta domhanda lena n-áirítear trí SCCT a chur chun feidhme go héifeachtach agus é a leathnú chuig earraí iartheachtacha, trí bhearta frith-imchéimniúcháin agus gníomhaíocht a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar sceitheadh carbóin onnmhairiúcháin, agus ar choinníollacha soiléire cumasúcháin [...] mar shampla, ceadú cuíchóirithe agus glacadh agus uas-scálú teicneolaíochtaí glana, chun iomaíochas tionsclaíoch agus nuálaíocht san Aontas a neartú agus an staid gheopholaitiúil atá ag athrú á cur san áireamh.

(6) I bhfianaise an chuspóra aeráidneodrachta do 2050, ba cheart astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheith laghdaithe agus aistrithe gás ceaptha teasa a bheith feabhsaithe faoi 2040, chun a áirithiú go ndéanfar na glanastaíochtaí gás ceaptha teasa, is é sin an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint, a laghdú 90 % ar a laghad faoi 2040, ar fud an gheilleagair, i gcomparáid le leibhéil 1990.

(7) Ba cheart tosaíocht a thabhairt do laghduithe intíre ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus na laghduithe sin á gcomhlánú le haistrithe mhéadaithe, lena n-áirítear aistrithe trí réitigh nádúrtha agus theicneolaíocha araon. [...] Agus pacáiste beartais iar-2030 á fhorbairt, ba cheart aird chuí a thabhairt ar rannchuidiú na n-oll-laghduithe astaíochtaí i gcomparáid le haistrithe nádúrtha agus teicneolaíocha. Tá saintréithe ag baint le haistrithe nádúrtha [...] ba cheart a chur san áireamh, mar shampla, struchtúr aoise foraoise, cion na n-ithreacha orgánacha, inathraitheacht nádúrtha, agus éiginnteachtaí a bhaineann le tionchair an athraithe aeráide [...], agus le suaití nádúrtha agus le hathruithe ar mhodheolaíochtaí [...]. Beidh ról níos suntasaí ag aistrithe nádúrtha[...] agus tionsclaíocha i ngeilleagar an Aontais sna blianta atá amach romhainn, i bhfianaise an ghá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa faoi 2050 ar a dhéanaí agus astaíochtaí diúltacha ina dhiaidh sin. Forbrófar dreasachtaí [...] i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] in 2026, i gcás ina mbeartaíonn an Coimisiún foráil a dhéanamh maidir le buanaistrithe carbóin intíre a áireamh i gcóras trádála astaíochtaí an Aontais [...] ('CTA AE') chun astaíochtaí iarmharacha ar deacair iad a mhaolú a chúiteamh [...]. Tá ról lárnach ag earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta i mbithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach agus d'fhéadfadh sé tairbhí fadtéarmacha aeráide agus comhshaoil a sholáthar lena rannchuideofar le haistriú glan gheilleagar an Aontais agus lena laghdófar spleáchais trí ábhair iontaise-bhunaithe a ionadú.

PUBLIC

[7] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

(7a) Cé go bhfuil roinnt beartais chumasúcháin curtha chun feidhme cheana féin agus go bhfuil a dtionchar le feiceáil cheana féin, ní hamhlaidh atá i gcás gach beartais go fóill. Ba cheart don Choimisiún leanúint [...]de [...]na tionscnaimh a bhaineann leis [...]an gcreat cumasúcháin a neartú agus ba cheart é a bheith d'aidhm aige [...] dlús a chur lena nglacadh chun a áirithiú go mbeidh dálaí i bhfeidhm chun tacú le tionsclaíocht agus saoránaigh na hEorpa le linn an aistrithe, agus lánurraim á tabhairt do dhlí an Aontais.

(8) Tá creat rialála i bhfeidhm ag an Aontas chun sprioc aeráide 2030 a bhaint amach. Is é atá sa reachtaíocht lena gcuirtear an sprioc sin chun feidhme, *inter alia*, Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear CTA AE, Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], lenar tugadh isteach spriocanna náisiúnta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030, agus Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], lena leagtar síos spriocanna maidir le glansaistrithe carbóin d'earnáil na húsáide talún. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar ghá reachtaíocht ábhartha an Aontais a leasú chun sprioc aeráide 2040 a bhaint amach. Agus creat [...] iar-2030 á cheapadh aige, ba cheart don Choimisiún measúnuithe tionchair mionsonraithe a ullmhú, agus a anailís ar na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide, an staid gheopholaitiúil, **lena n-áirítear i ndáil leis na hidirghaolta idir an beartas aeráide agus beartais slándála agus cosanta,** na tionchair ar iomaíochas, [...] ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar thionscail dianfhuinnimh, agus na tionchair ar chostais fuinnimh agus ar riachtanais infheistíochta ar fud na mBallstát á gcur san áireamh aige, agus ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar na bearta is gá a dhéanamh, lena n-áirítear tograí reachtacha de réir mar is iomchuí.

---

**8** Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/842/oj).

**9** Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/841/oj).



PUBLIC

(8a) Ba cheart roinnt gnéithe chun baint amach sprioc aeráide 2040 a éascú a léiriú go hiomchuí, lena n-áirítear [...] rannchuidiú teoranta a d'fhéadfadh a bheith ann i dtreo sprioc aeráide 2040 maidir le creidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras, sa [dara cuid de] dheacáid 2030-2040, i gcomhréir le rialacha cuntasaíochta Chomhaontú Pháras; ról na mbuanaistrithe intíre (mar shampla, Gabháil Astaíochtaí Bithghineacha le Stóráil Carbóin (BioCCS) agus Gabháil Díreach Aeir le Stóráil Carbóin (DACCS)) in CTA AE agus sláine chomhshaoil CTA AE á háirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear an fhéidearthacht CO2 a stóráil lasmuigh den Aontas, de réir mar is iomchuí, faoi réir comhaontuithe idirnáisiúnta a bheith ann agus foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha a leagtar amach i ndlí an Aontais; agus solúbthacht fheabhsaithe agus inrochtana ar fud na n-earnálacha agus laistigh díobh chun tacú le cur chuige costéifeachtach trína bhféadfaidh [...] na Ballstáit, mar shampla, a bhfuil bainte amach acu in earnáil amháin bearnaí i réimsí eile a chothromú ar bhealach costéifeachtach agus a áirithiú ag an am céanna go rannchuideoidh gach earnáil leis na hiarrachtaí. Agus úsáid creidmheasanna idirnáisiúnta á hoibríochtú aige, ba cheart don Choimisiún an gá atá le cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud na mBallstát agus an deis chun tacú le comhpháirtíochtaí straitéiseacha an Aontais a chur san áireamh. Níor cheart ról a bheith ag creidmheasanna idirnáisiúnta maidir le comhlíonadh in CTA AE. Ba cheart conair CTA an Aontais atá ann faoi láthair a athbhreithniú san athbhreithniú a dhéanfar go luath ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí chun sprioc 2040 a comhaontaíodh a chur san áireamh. Chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil, ba cheart creat [...] iar-2030 a bheith bunaithe ar mheasúnuithe tionchair láidre. Ba cheart do chreat [...] iar-2030 cóineasú a chothú freisin agus cothroime agus imthosca agus sainiúlachtaí náisiúnta na mBallstát á gcur san áireamh, lena n-áirítear imthosca agus sainiúlachtaí na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí.

(9) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin sprioc aeráide uile-Aontais le haghaidh 2040 a shocrú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a scála agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1119 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1119**

PUBLIC

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1119 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, an dara mír, cuirtear isteach an abairt seo a leanas:

‘Leagtar amach sa Rialachán seo freisin sprioc cheangailteach de chuid an Aontais le haghaidh 2040.’;

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3, 4 agus 5:

‘3. Chun an cuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) a bhaint amach, is é a bheidh i sprioc cheangailteach aeráide an Aontais do 2040 laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (líon na n-astaíochtaí gan aistrithe) i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2040.

4. Ag féachaint don tréimhse tar éis 2030, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar reachtaíocht ábhartha an Aontais chun gur féidir an sprioc a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo agus an cuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) a bhaint amach agus breithneoidh sé na bearta is gá a dhéanamh de réir mar is iomchuí agus bunaithe ar mheasúnú tionchair mionsonraithe, i gcomhréir leis na Conarthaí.

[...] Leanfaidh an Coimisiún [...] <u>de na tionscnaimh a bhaineann leis an gcreat cumasúcháin a neartú [...] agus beidh sé d’aidhm aige dlús a chur lena nglacadh agus lena gcur chun feidhme</u> [...] chun a áirithiú go mbeidh dálaí i bhfeidhm chun tacú le <u>daoine dlítheanacha agus nádúrtha a ndéantar difear dóibh</u>, <u>mar shampla</u>, tionsclaíocht agus saoránaigh na hEorpa le linn an aistrithe, <u>i dtreo na spriocanna a leagtar amach i míreanna 1 agus 3 den Airteagal seo, an chuspóra a leagtar amach in Airteagal 2(1) agus geilleagar aeráidneodrach</u> [...].

5. Faoi chuimsiú an athbhreithnithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír de [...]mhír 4, chun baint amach na sprice a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo a éascú, áiritheoidh an Coimisiún go léireofar na gnéithe seo a leanas go hiomchuí sna tograí reachtacha:

(a) ag tosú ón mbliain [2036], rannchuidiú teoranta a d'fhéadfadh a bheith ann i dtreo sprioc aeráide 2040 maidir le creidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras de [3] % de ghlanastaíochtaí an Aontais in 1990 lena dtacaítear leis an Aontas agus le tríú tíortha glanchonairí laghdaithe gás ceaptha teasa a bhaint amach atá comhoiriúnach do chuspóir Chomhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch [faoi réir sláine comhshaoil agus costéifeachtúlacht na gcreidmheasanna sin a áirithiú, agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais á cur chun cinn ag an am céanna]; déanfar tionscnamh, critéir cháilíochta agus coinníollacha eile a bhaineann le fáil agus úsáid aon chreidmheasanna mar sin a rialáil i ndlí an Aontais, agus ní bheidh ról ag na creidmheasanna sin maidir le comhlíonadh in CTA AE;

(b) ról na n-aistrithe buana intíre faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ('CTA AE') chun astaíochtaí iarmharacha ó earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo a chúiteamh [...];

(c) solúbthacht fheabhsaithe laistigh d'earnálacha agus ar fud earnálacha, chun tacú le spriocanna a bhaint amach ar bhealach simplí agus costéifeachtach;

(d) Ba cheart a chur san áireamh le spriocanna agus iarrachtaí na mBallstát tar éis 2030 costéifeachtúlacht agus dlúthpháirtíocht, i bhfianaise imthosca agus sainiúlachtaí náisiúnta, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann leis na hoileáin agus na réigiún is forimeallaí;

(e) an fhianaise eolaíoch is fearr agus is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear na tuarascálacha is déanaí ó IPCC agus ón mBord Comhairleach;


PUBLIC

(f) na tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil ar fud na mBallstát, lena n-áirítear i ndáil le cuspóirí an dícharbónaithe agus an iomaíochais do thionsclaíocht na hEorpa;

(g) costais na neamhghníomhaíochta agus tairbhí na gníomhaíochta sa mheántéarma agus san fhadtéarma;

(h) an gá atá le haistriú atá cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de a áirithiú do chách agus tacú leis, agus aird ar leith á tabhairt ar réigiúin, ar earnálacha, ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar theaghlaigh leochaileacha a ndéanann an t-aistriú chuig aeráidneodracht difear dóibh;

(i) simpliú, neodracht na teicneolaíochta, costéifeachtúlacht, éifeachtúlacht eacnamaíoch, agus slándáil eacnamaíoch;

(j) gníomhú ar son na haeráide mar spreagadh don infheistíocht, [...] don nuálaíocht agus don iomaíochas méadaithe;

(k) an gá atá le hiomaíochas domhanda gheilleagar an Aontais a neartú agus an riosca sceite carbóin a laghdú, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do na hearnálacha tionsclaíocha is mó atá neamhchosanta ar sceitheadh carbóin, [...] ionas go n-áiritheofar iomaíocht chóir;

(l) na teicneolaíochtaí is fearr atá costéifeachtach, sábháilte agus inscálaithe dá bhfuil ar fáil;

(m) inacmhainneacht fuinnimh, slándáil an tsoláthair, slándáil fuinnimh, [...] éifeachtúlacht fuinnimh lena n-áirítear 'bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh', [...], chomh maith le heangacha agus idirnaisc leictreachais a neartú;

(n) cothroime agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus laistigh díobh;

(o) an gá atá le héifeachtacht agus dul chun cinn comhshaoil a áirithiú le himeacht ama, **agus comhtháthú sóisialta á chosaint agus aistriú cóir á áirithiú ag an am céanna**;



PUBLIC

(p) an gá atá le linnte nádúrtha a chothabháil, a bhainistiú agus a fheabhsú, **de réir mar is iomchuí**, san fhadtéarma agus bithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú, bithgheilleagar inbhuanaithe agus ciorclach a chur chun cinn, chomh maith le héifeachtaí na ndifríochtaí i struchtúr aoise foraoise, inathraitheacht nádúrtha agus éiginnteachtaí a chur san áireamh, go háirithe iad siúd a bhaineann le tionchair an athraithe aeráide agus suaití nádúrtha in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta;

(q) riachtanais agus deiseanna infheistíochta, lena n-áirítear rochtain ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach **chomh maith le tacaíocht don nuálaíocht agus rochtain ar theicneolaíochtaí nuálacha ar fud na mBallstát**;

(r) forbairtí idirnáisiúnta agus iarrachtaí a rinneadh chun cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus cuspóir deiridh Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) a bhaint amach, chomh maith le tacaíocht an Aontais dá chomhpháirtithe chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar na tionchair a bhíonn aige.'.

(3) In Airteagal 11, an chéad mhír, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(c) iomaíochas thionscail na hEorpa, go háirithe tionscail dianfhuinnimh agus iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide;

(d) dul chun cinn teicneolaíoch agus cur in úsáid ar fud na mBallstát agus earnálacha na dteicneolaíochtaí nuálacha';

**(e) leibhéal measta na nglanaistrithe ar leibhéal an Aontais i ndáil le spriocanna an Rialacháin seo.**

(4) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

Féadfaidh tograí reachtacha chun an Rialachán seo a leasú agus bearta breise a bheith ag gabháil leis an tuarascáil ón gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí, chun na tionscnaimh a bhaineann leis an gcreat cumasúcháin lena dtacaítear le cur chun feidhme éifeachtach leanúnach an Rialacháin seo a neartú.

PUBLIC

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

PUBLIC

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |